Stampaí agus Bratacha na hEorpa

Réamhrá: Cabhróidh na gníomhaíochtaí tíreolaíochta seo le daltaí eolas a fháil ar thíreolaíocht na hEorpa, ar na teangacha a labhraítear i dtíortha áirithe san Eoraip agus ar thíreolaíocht áitiúil agus dhomhanda. Tá focail nach mbeadh taithí ag na daltaí orthu cheana, b'fhéidir, sa bhanc focal thíos.

Gníomhaíocht Tíreolaíochta: Ar léarscáil na hEorpa (féach iatán) tá bratach agus stampa curtha ar an tír lena mbaineann siad. An féidir leat ainm na tíre a thomhas?

Gníomhaíocht Tíreolaíochta: Faigh amach cén teanga a labhraítear sna tíortha ar léarscáil na hEorpa. An bhfuil tú in ann 'Dia Dhuit' a rá i ngach teanga (féach an bhileog saothair atá faoi iamh).

Gníomhaíocht Tíreolaíochta: Déan léaráidí de gach bratach a bhaineann leat féin, le do phobal agus le do theaghlach. Mar shampla: An Eoraip, Éire, Baile Átha Cliath, Cumann CLG Na Fianna, Cumann Peile St Patrick's Athletic, Gasóga na hÉireann, srl.

Moltaí le haghaidh Obair Bhaile:

An bhfuil aithne agat ar dhuine a bhfuil bailiúchán stampaí as tíortha eile acu? Má tá, cad as a tháinig na stampaí sin?

Dá n-iarrfaí ort bratach nua a dhearadh d'Éirinn, cén chuma a bheadh uirthi?

Faigh scéal faoi thír eile san Eoraip i nuachtán nó i suíomh nuachta ar an idirlíon, cad é ábhar an scéil?

Banc Focal:	Bailiúchán	Sampla	Teangacha
An Eoraip	Eorpach	Nuachtán	Tír
Contae	Tíortha		

Stampaí agus Bratacha na hEorpa

Teangacha na hEorpa

Tír	Teanga	Conas Dia Dhuit a rá
Éire	Gaeilge/Béarla	Dia Dhuit/Hello
Sasana	Béarla	Hello
An Fhrainc	Fraincis	Bonjour
An Ghearmáin	Gearmáinis	Guten Tag
An Spáinn	Spáinnis	Hola
An Phortaingéil	Portaingéilis	Ola

Stampaí agus Bratacha na hEorpa